

AMÁRAC

Suċ na
Σαελταċτα

FOILLSIŢE 3dĊ DIARDAOIN.
NUAĊTAN SEAĊTAINIŢL NA Σαελταċτα.
ABAR PŢGRAIOĊTA AGUS EAGARTŢOIREAĊTA
ĊUIΣ:— AMÁRAC, CEANANNUS MŢR.

iml. 11. umh. 29.

20á LŢMASA. 1965.

ATRAITE AR ΣαELTARRA EIREANN

RIALTAS LÁN DAIRIRE FA'N IARTAR

RÁITEAS UÍ EOĊADA DON COMĊAIDREAM

SLITE MAIREAĊTALA NÍOS PEARR DON POBAL

Aitheasc an Uasail Pádraig
O Fachtna, Rúnaí Pairli-
minte Aire na Gaeltachta,
ag Siompóisiam an Chomh-
chaidrimh, ar an gCeath-
rú Rua, 31 Iúil, 1965.

A dhaoine uaisle, tá cuid
mhaith ráite anseo an tseach-
tain seo mar gheall ar cheist
na gCeantar gCúng, ach, ar
ndóigh, ní inniu ná inné a
thosnaigh an t-ábhar sin ag
cur as do mhuintir na hEir-
eann. O aimsir sean-Bhord na
gCeantar gCúng i leith táth-
ar i ngleic leis an bhfadhb sin
Tá a comhshamhail d'fhadh-
banna i dtíortha eile — in Al-
bain mar shampla — agus
iarrachtaí á ndéanamh ar
bhealaí éagsúla d'fhonn réit-
each a fháil orthu.

Ar scála níos leithne fós,
tá ceist na dtíortha neamh-
fhorbartha ag cur as le tam-
all do shaineolaithe an domh-
ain go háirithe ó léirigh na
suirbhéireachtaí éagsúla a
rinneadh faoi scáth Eagras
na Náisiún Aontaithe a olcas
is atá an scéal i dtíortha áir-
ithe. Tá glactha leis go for-
leathan anois nach bhféadfadh
bheith ag súil le síocháin
domhanda faid a bheidh
neamhréireachtaí móra ó
thaobh caighdeán beatha idir
tíortha áirithe agus a gcomh-
arsana. Ní thig leis an náis-
iún aonair ach an oiread gan
aird a thabhairt ar neamh-
réireachtaí inmheánacha. I
gcomparáid leis na fadhb-
na sna tíortha atá ag déan-
amh inné d'Eagras na Náis-
iún Aontaithe i láthair na
huaire níl fadhb ró-mhór le
réiteach in Éirinn, ach ní
hionann sin is a rá nach
bhfuil fadhbanna práinnea-
cha dár gcuid féin againn: ar
cheann acu sin tá an imirce.

Fostaíocht

Tá ráite go minic gur i
méadú na fostaíochta a
bheidh leigheas na himirce ar
fáil agus, cé nach bhfuil sé
sin fíor san iomlán, ní féidir
tábhacht na na fostaíochta a
shéanadh. O thaobh na Gael-
tachta de — an chuid sin de
na ceantair chunga atá mar
chúram ar leith ormsa — tig
linn a rá anois go bhfuil iar-
rachtaí á ndéanamh nach
miste dúinn bheith muinín-
each astu. Tá obair thair-
beach ar siúl cheana ag
Gaeltarra Eireann — tim-
peall 780 oibrí fostaithe lán-
aimsireach acu agus suas le
1,000 páirtaimesireach; pá-
tuairim £350,000 a íocadh leo
sin an bhliain seo caite. Is
léir, áfach, go bhfuil gá le
forbairt i gcúrsaí tionscail
má táthar le fostaíocht a
chur ar fáil do chách. Is
d'fhonn dlús a chur leis an
bhforbairt sin a socraíodh —
mar atá luaite sa Pháipéar
Bán um Athbheochán na
Gaeilge — go gcaithfeadh
Gaeltarra Eireann bheith ina
phríomhghléas feasta chun
gníomhaíochtaí eacnamaí-
cha de chineál tionsclaíoch

a fhorbairt i ngach limistéar
Gaeltachta. B'fhollas nach
bhféadfai bheith ag brath ar
an tionsclaíocht phríobháid-
each chun na críche sin.

Leathnú

De bharr an Achta um
Thionscail na Gaeltachta a
ritheadh le déanaí, tá leath-
nú déanta ar chumhachtaí
Gaeltarra Eireann, agus
feabhas curtha ar chúrsaí air-
geadais dóibh, d'fhonn gur
fearr a fhéadfaidh siad an
cúram a luaigh mé a ghlac-
adh orthu féin. Tig leo feasta
páirt a ghlacadh i gcomhlach-
taí eile agus deontais a thab-
hairt do ghnólachtaí ina
mbeidh scaireanna acu. Go
dtí seo mura bhféadfadh
Gaeltarra Eireann déantús a
bhunú as a stuaim féin ba
bheag seans a bhí ann go
mbunófaí sa Ghaeltacht chor
ar bith é. Bhí teorainn leis an
méid ab' fhéidir le Gael-
tarra a dhéanamh cheal sain-
eolas acu ar dhéantúis áirithe
agus cheal teacht acu ar
mhargai thar lear do na
déantúis sin. As seo amach,
má fhaightear fiosrú ó thion-
sclaí ar bith a bhfuil suim
aige i ndéantús áirithe a d'oir-
feadh don Ghaeltacht, beidh

deis ag Gaeltarra Eireann
staidéar a dhéanamh ar an
togra agus páirt a ghlacadh
ann má oireann sé sin dóibh
féin agus don tionsclaí a
bheidh i gceist. Tá dóchas
laidir againn go rachaidh an
chumhacht sin go mór chun
tairbhe d'fhorbairt na tion-
sclaíochta sa Ghaeltacht.

Beidh cumhacht eile ag
Gaeltarra nach raibh acu
cheana: is é sin cumhacht
chun deontas suas go dtí
£2,000 a thabhairt do dhaoine
eile — gan dul i gcomhar leo
— d'fhonn miontionscail a
chur chun cinn. Tograí bea-
ga, más ea, ar cóir go mbeadh
muintir na Gaeltachta iad
féin in ann tabhairt fúthu,
féadfar cúnamh airgid a chur
ar fáil feasta ina leith trí
Gaeltarra Eireann. Má thág-
ann fás faoi mar ba mhian
linn ar líon na dtograí sin,
tiocfaidh athrú chun feabh-
ais de réir a chéile ar dhear-
cadh mhuintir na Gaeltachta
i leith na tionsclaíochta.

Coistí Oifigeach

Plean eile a bhfuil muinín
againn as is ea an plean trín-
ar bunaidh coiste d'oifigigh
áitiúla — agus Stiúrthóir
(Ar lean. ar leath. 4)

ΣaEILGEoirí bEAL FEIRSTE

Cliarlathas Caitliceach na
hEireann, Liam Mac Philibín,
Easpag Dhúin agus
Choinnire.

A Thiarna Easpaig,

Le fada anois tá géar-lean-
úint a h-imirt d'aonturas no-
de thaisme, ag Cléir Chait-
liceach na hEireann ar a
teanga Gaeilge agus ar phob-
al a labhartha. Is mian linne
anois, le mur gcead, cur ina
h-eadán seo i gCathair Bhéal
Feirste agus a rá go bhfuil
muid thar a bheith mí-shásta
go mbeifí a' cur cruaidh ar
mhion-phobal i dtír na hEir-
eann. Ainneoin cuid de'n
chléir a bheith báilú leis a'
Ghaeilge agus ainneoin Reach-
ta Mhá Nuat a leagas síos
dualgasai na cléire i dtaca
leis a' Ghaeilge de, is léir do
Ghaeilgeoirí go bhfuil údar-
áis Mhá Nuat dá ndeoin no-
dá n-ainneoin agus ní hé
amháin aonrialtas sa tír go
mór in-eadán fad saoil a
bheith i ndán don Ghaeilge,
mar theanga labhartha. Ní
thug na h-Húdaráis Eaglaise
ariamh, agus ní thabhrann
go fóill an ceart sin do
Ghaeilgeoirí a gheibh lucht a'
Bhéarla gan a iarraidh, no
bhí dearcadh agus gníomhair-
eacht iomlán na cléire ar-
iamh claonta i leith an
Bhéarla agus Béarlóirí. An
sampla is déanaí den leath-
cheal atá a dhéanamh, nach
ligfeadh do Ghaeilgeoirí i
gCathair Bhéal Feirste an
t-Aifreann a éisteacht ina
dteanga fhéin. Ba mhaith

linne a iarraidh oraibh an
bhos-ar-bholg seo a stad agus
a aithint nach é an Béarla
amháin atá a labhairt anseo.
Níl rún againn cur isteach ar
lucht labhartha na teanga
sin, agus ní mian linn go
gcuirfí isteach orthu, ach is
mór againn an Creideamh
mar is mór acu siúd é, agus
iarraimíd dúinn fhéin an
ceart sin a gheibh siadsan, sé
sin go ndéanfaí freastal iom-
lán mar Chaitlicigh orainn in
ár dteanga féin.

Le go ndéanfaí sin, ba ghá
go gcuirfí seirbhís iomlán
pharóiste ar fáil do Ghaeilge-
oirí, go bhféadfaimis an
t-Aifreann, na Sacraiméid
agus seirbhísí uilig na h-Eag-
laise a fháil i nGaeilge, agus
go mbéadh gléas orainn scol-
aíocht Ghaeilge a thabhairt
d'ár gcuid páistí. Chaith-
feadh an gradam céanna a
bheith ag an Ghaeilge agus
atá ag an Bhéarla, agus nach
mbeifí feasta a' cur in-iúl do
Ghaeilgeoirí gur dream den
dara grád iad nach bhfuil
ceart mar phobal tuillte acu
faoi réim na h-Eaglaise Cait-
licí. Níl an ceart seo a fháil
againn ar fud na hEireann,
agus is gá dúinne Gaeilgeoirí
Caitlicigh Bhéal Feirste é a
iarraidh anois go poiblí, agus
fógraíonn muid le mur gcead
nach ndéan níos lú ná é ár
ngnoithe.

Sínithe ag 8 de Ghaeilgeoirí
agus ina measc an fear
thíos: Séamus de Brún,
10, Mountainview Drive,
Béal Feirste 14.

Is dóigh liom nárbh fhearr domh-
sa rud a dhéanfainn i dtosach báire
ná dhá cheist a fhreagairt: cad iad
na Ceantair Chunga agus cad ba
bhun leo? Is é a thuigtear leis an
téarma seo de ghnáth i láthair na
huaire seo ná an réigiún in Iarthar
na hEireann ina n-áirítear Cúige
Connacht ar fad, Contae Dhún na
nGall, Contae Chiarraí, an chuid is
mó de Chontae an Chláir, agus
Contae Chorcaí thiar theas. Ach
nuair a bunaíodh Bord na gCeantar
gCúng sa bhliain 1891, bhí an réig-
iún i bhfad níos lú mar ní raibh
ach an chuid ba bhoichte de na
contae sin sna Ceantair Chunga
— is é sin le rá, na limistéir nár
mhó meánluach ná na ngabháltas
iontu ná £1-10-0 an duine. Méad-
aíodh an réigiún go mór faoin Acht
Ceannach Talaimh 1909 agus is ar
an réigiún sin a thugtar "na Cean-
tair Chunga" ó shin.

SLEIBHTE AGUS PORTAIGH

Agus cad ba bhun leis na Cean-
tair Chunga? Bhuel, tá fhios ag gach
éinne go bhfuil an chuid is mó
d'Iarthar na hEireann i bhfad níos
boichte maidir le maoin aiceanta
ná an chuid eile den tír. Tá sleibh-
te agus portaigh go fóirleathan ann
agus tá a lán den talamh go ró-
fhliuch, nó go ró-éadrom nó go
creagach, agus gan mórán scamh-
aird ann. San naoú aois déag bhí i
bhfad níos mó daoine ann ná mar
atá anois agus bhíodh an gorta
agus an bochtanas dá scriosadh agus
da sciobadh thar sáile i gcónaí.
Nuair a thagadh drochbhliain nó
nuair a theipeadh ar na prátaí, ba
thubaisteach agus ba thruamhéil-
each ar fad an saol a bhíodh acu.

Is fíor go raibh biseach éigin
ag teacht ar chuma na ndaoine de
bharr na hoibre a bhí ar siúl ag
Conradh an Talaimh faoi theoir
Sheárlais Stíobhairt Pharnaill
agus Mhíchíl Mac Dháibhidh ach
ar a shon sin is uile níorbh fhada
ón mbochtanas agus ón ocras na
daoine i gcuid mhaith den Iar-
thair nuair a cuireadh Bord na
gCeantar gCúng ar bun sa bhliain
1891.

BORD

B'é Artúr Balfour a mhol do
Rialtas Shasana an Bord a bhunú
chun feabhas a chur ar staid an
Iarthair. Ní raibh muintir na hEir-
eann go rócheanúil ar Balfour mar
bhí baint aige leis an gcas-ar-bolg
agus leis an ansmacht a bhí á
dhéanamh orthu roimhe sin. Rud
eile, ní rabhadar ag súil le maithas
ar bith uaidh agus cheapadar nach
raibh uaidh ach an dubh a chur
ina gheall orthu chun spiorad na
saoirse "a mharbhú sna daoine le
cineáltas." Pé scéal é, rinne sé
beart maith ar son an Iarthair
nuair a mhol sé don Rialtas Bord
na gCeantar gCúng a chur ar bun.

CUSPÓIRÍ

B'iad na príomhchuspóirí a bhí
ag an mBord ná feabhas a chur ar
chúrsaí talmhaíochta, gabháiltais
bheaga bhochta a mheadú, iascair-

each a fhorbairt, calafoirt agus
céanna a thógáil, déantúis bhaile
mar an fhíodóireacht, sníomhdóir-
eacht, bróidnéireacht agus earraí
cniotáilte a chur chun cinn agus
tithe níos fearr a chur ar fáil do na
daoine. B'é Balfour an chéad
Chathaoirleach ar an mBord ach
bhí Éireannaigh oile ar an mBord
ó am go chéile a thuig fadhbanna
an Iarthair go maith. Orthu siúd
bhí an Cairdinéal Ó Domhnaill, an
Dochtúir Ró-oirmhinneach Ó Mon-
gáin, Easbog Chiarraí, an tAthair
Donnachadh Ó Eadhra, Coillte
Máich, agus Horace Pluincéad. Bhí
a lán neamhspleáchais ag an mBord
agus bhí sé de chead acu an t-air-
gead a cuireadh ar fáil dóibh a
chaitheamh mar ba mhian leo féin.

FEABHAS

D'éirigh go maith leis an mBord
agus tháinig feabhas ar shaol na
ndaoine san Iarthair de bharr a
gcuid oibre. Do bunaíodh An Roinn
Talmhaíochta agus Ceárd-Oideach-
ais sa bhliain 1900 agus, tamall beag
ina dhiaidh sin, chuaigh an Roinn
i mbun na ngnóthaí a bhain le
talmhaíocht agus ba fhéidir leis an
mBord luí isteach ar na ngnóthaí eile
as sin amach. Ach cé go ndearnadar
mórán, bhí fadhbanna an-mhóra
gan réiteach fós nuair a cuireadh
deireadh leis an mBord sa bhliain
1923 agus bhí an bochtanas ag
goilliúint go mór ar mhuintir an
Iarthair go fóill.

SCOR

Níorbh fhada a bhí na Sasanaigh
glanta as Éirinn nuair a scoireadh
an Bord agus do ghlac na Ranna
Rialtais nua chucu féin na cúraim
a bhíodh air. Tá daoine ann anois
a cheapann gur cuireadh deireadh
le hobair an Bhoird nuair do scoir-
eacht é ach ní mar sin atá an scéal
ar chor ar bith. Is fíor go ndearna
an Bord a dhícheall leis an méid
airgid a bhí le caitheamh aige ach
ba shuarach é i gcomparáid leis an
méid atá á dhéanamh anois ag na
Ranna Stáit, mar an Roinn Tal-
mhaíochta agus Iascaigh, An Roinn
Tailte, An Roinn Tionscail agus
Áitiúil, Roinn na Gaeltachta, An
Roinn Sláinte, Oifig na nOibreacha
Poiblí agus na heagraíochtaí Stát-
urraithe mar Bord na Móna, Comh-
lucht Siúicre Éireann, Gaeltarra
Éireann, An Bord Iascaigh Mhara,
An Bord Leictreachais, An Foras
Tionscal agus mar sin de.

SCÉIMEANNA

Maidir leis An Roinn Talmhaí-
ochta agus Iascaigh, tá a lán scéim-
eanna speisialta i bhfeidhm leis na
blianta sna Ceantair Chunga chun
beithigh, caoirigh, muca, éanlaithe
clóis, barraí curadóireachta agus
gairneoireacht a fheabhsú, agus
chun an chomhairle a thugtar do na
feirmeoirí beaga a mheadú. Chomh
maith leis sin is féidir leis na feir-
meoirí sna ceantair sin tairbhe a
bhaint as na scéimeanna ginearálta,
a bhaineann leis an tír ar fad.

(AR LEAN.)